Bosca pizza ina oigheann gréine

Coincheap—Is féidir linn fuinneamh na gréine a úsáid go díreach chun cócaireachta

NASC LEIS AN gCURACLAM:
Curaclam Tíreolaíochta An Comhshaol Nádurtha

Turgnamh

Beidh gá agat le:

- Bosca pizza meánach
- Páipéar righin dubh
- Scragall alúmanaim
- Plaisteach trédhearcach (bheadh plaisteach ceallafáin go breá)
- Gliú
- Téip ghreamaitheach
- Siosúr
- Rialóir
- Marcálaí
- Corda
- Tairne

1



Greamaigh scragall de bhun an bhosca laistigh, clúdaigh an scragall le páipéar dubh agus greamaigh an dá rud síos le téip.

2



Cuir an bosca ar an bplaisteach agus tarraing imlíne an bhosca ar an bplaisteach leis an marcálaí. Gearr an plaisteach timpeall 1.25cm laistigh den mharc.

I dtíortha gan puinn forbartha, dála roinnt áiteanna san Afraic, níl leictreachas ag mórán tithe chun cócaireáin den saghas a úsáidimid i dtíortha forbartha a oibriú, mar sin úsáidtear fuinneamh na gréine nó dóitear adhmad chun teasa agus chun cócaireachta.

Bosca pizza ina oigheann gréine *ar lean*

3



Ar bharr an bhosca tarraing líne, 2.5cm ó gach taobh. Gearr feadh na líne tosaigh agus feadh an dá taobhlíne ACH NÁ gearr an líne cúil - beidh sé sin mar inse do liopa.

4



Oscail an liopa go cúramach agus fill siar é.

5

Gearr píosa den scragall ar thoise an liopa. Greamaigh le gliú é den taobh sin den liopa a dhíríonn isteach sa bhosca: sin é an frithchaiteoir.

6



Greamaigh an plaisteach le téip laistigh den fhuinneog a ghearr tú as clúdach an bhosca (.i. ar an taobh istigh den chlúdach). Déan teann é i dtreo is go bhféachann sé mar ghloine agus déan iarracht deimhin a dhéanamh de go bhfuil sé aerdhíonach.

7



Gearr píosa corda agus téipeáil foirceann amháin de ar bharr an liopa. Brúigh tairne beag isteach i gcúl an bhosca agus fill an corda timpeall an tairne chun an liopa a choimeád ar oscailt.

8



Leag an bosca go díreach faoi sholas na gréine agus an frithchaiteoir ar aghaidh na gréine agus triail seacláid a leá i do oigheann (cuir ar phláta é chun gan praiseach a dhéanamh de).